

Bhí sí ag Tigh Chonroy nó gur stop sí ag trádáil thart ar 1950.

Is le báid a bhí trádáil is taisteal á dhéanamh ag an am. Bhí an siopa buailte ar chéibh Chonroy nó céibh Chaladh na Leice mar a thugtar uirthi. Cuireadh feabhas ar an gcéibh seo faoi scéim na gCeantar Cúng. Bhí sí an-áisiúil do mhuintir na gceantar timpeall le cósta le siopadóireacht a dhéanamh. Ní i bhfad go raibh Tigh Chonroy ar cheann de na siopaí ba láidre sa tír, agus daoine ag tarraingt ann ón gCeathrú Rua, Leitir Móir, Béal a' Daingin, Eanach Mheáin, Cill Chiaráin agus Camus chomh maith le muintir Ros Muc fhéin. Bhí chuile ní beo a raibh ag teastáil ag an am le fáil ann. Plúr, tae, siúcra, adhmaid, teara agus cailico le haghaidh bád.

Bhí an-mheas ar mhuintir Chonroy agus bhí an cháil orthu go raibh siad cóir gnaíúil lena gcuid custaiméirí. Thug siad cairde dóibh ó bhliain go bliain, nó seans é a íoc le obair in áit a luach. Deirtear nár dhiúltaigh siad mála mine ná aon rud eile d'aon duine nuair a bhí an saol go dona.

Chuir na Conroys cuid mhaith fostaíochta ar fáil sa bpobal agus thóg siad seilbh ar chuid mhaith talún timpeall an cheantair. Bhí sé éasca talamh a fháil ag an am ach an t-airgead a bheith agat leis an gcíos a íoc le Robinson a bhí mar ionadaí ag an tiarna talún in Eiliúrach. Bhí an t-airgead ag na Conroys le cíos a íoc agus tar éis imeacht na Sasannach as an tír d'fhan an talamh ina seilbh.

Ba as Dúiche Sheoighe do Mhae Melia, bean Phat Conroy. Bean bhreá dhathúil a bhí inti agus an-bhean tí. Is cosúil go raibh sí an-ghníomhach i gcur chun cinn an ghnó.

Ba é Micheál Joe, fear ceirde as Ros Cíde a d'fág lorg a láimhe i gcuid mhaith áiteacha ar fud Chonamara agus Mhaigheo, a thóg an teach - teach stór ar airde, déanta as cloch eibhir na háite le díon slinne air. Baineann an dearadh atá ar an teach taobh istigh le deireadh ré Victoria. I measc an obair cheardaíochta atá le feiceáil sa teach tá teallach deartha as marmar Chonamara a cuireadh á dhéanamh sa tionscail obair mharmair i Mionloch thart ar an mbliain 1900 nuair a cuireadh méid ar an teach.

Bhí stádas sóisialta ard ag na



Conroys. Mhair siad mar a mhair mór uaisle na linne sin, ag cóiriú an tí le troscán seandachtaí, na ballaí le píosaí obair láimhe taipéise, urláir marmair agus maple acu. Bhí na ballaí taobh amuigh clúdaithe in eidhin Boston Ivy agus Passion Flower. Mar ba gnách le tithe uaisle na linne sin, bhí a suíochán fhéin in áirithe i dTeach Pobail Ros Muc dóibh agus tá a gcnámha sínte i gCill Bhriocáin faoin gcrois mhór Cheilteach, (an chrois is airde sa reilig) le ráille iarainn thart uirthi.

Níor chuir Pat Conroy ná a mhac Michael a gclann riamh ag an scoil áitiúil bhí múinteoir príobháideach fostaíthe acu agus múineadh an chlann ag baile. Chuaigh Grace sna mná rialta agus tar éis do Phat Conroy bás a fháil, tá sé ráite gur thug a máthair cuid mhaith den tsaibhreas do Grace le caitheamh san Afraic ag cabhrú le daoine bochta agus le Séipéil a thógáil.

Tá go leor foirgneamh eile ann a tógadh beagán níos deireanaí ná an teach. Tógadh Ionad Sláinte inar cuireadh seirbhísí sláinte ar fáil. Tógadh Teach Cúirte inar pléadh cúrsaí dlí suas go dtí tús an chéid seo. Bhí stórtha adhmaid ann chomh maith agus bÁCÚS. Foirgneamh dhá stór a bhí iontu seo, déanta mar a bhí an teach as cloch eibhir agus ceann slinne air.

Siad muintir na h-áite a bhait na clocha as a bhfuil an teach agus na foirgnimh déanta. Bhí go leor fostaíthe ag saothrú agus ag cur fála ar an talamh, ag obair sa siopa, sna stórtha, ar an mbád, ag leagan stuf le carranaí capaill. Bhí cailíní ag obair sa teach agus

daoine ag breathnú i ndiaidh tréad mhór beithíoch a bhí ag na Conroys.

Dhá scilling an pá lae d'fhear ag an am, ar obair ó dhubbh go dubh.

Fear den sloinne Burns as Uachtar Ard a bhí ag obair mar bhaicéara. Dhá bhÁCÚS a bhí coinnteithe ag obair ag an éileamh mór ar na builíní. Na báid agus carranna capaill is asail ag tarraingt builíní go dtí áiteacha chomh fada ó bhaile leis an gCaiseal.


Níor cuireadh aon athrú ar an siopa, bhí cúntar adhmaid timpeall leis an mballa ina mbíodh rollaí bréidín agus cailicó leagtha. Bhíodh bróga agus wellingtons ag crochadh as an tsíleáil.

Dúnadh an siopa i 1980 agus is i gCorcaigh a chaith Michael Conroy na blianta deireanacha dhá shaol.

Ag breathnú ar an áit inniu, an geata mór iarainn ornáideach dúnta, an cosán leathan fásta faoi fhéar, an gairdín imithe i bhfiántas, nach beag a chreidfeadh go dtiocfadh an lá go mbeadh doras dearg an tsiopa ina ndeachaigh na céadtha isteach is amach faoi ghlas. Nach ait an mac an saol.

Tá ballaí na stórtha agus an tsiopa faoi chlÓca eidhin ag athrú dath ó shéisiúr go séisiúr de réir a nádúir. Níor thug siad fhéin ná na crainnte móra fuinseoige atá ag fás sa bpáirc ar do bhealach isteach chuig an siopa, suas a gcás fós.

Sna pleananna don áit anois, beidh Ionad Cónaithe ann d'éalaíontóirí, Ionad Míniúcháin, Ionad Tionscnaimh, Siopa Leabhar agus Siopa Ceardaíochta, agus beidh siopa Chonroy coinnteithe mar a bhí sé fadó.



Patsy Ó Ceannabháin

Ag an tráth seo den bhliain agus muid ag ullmhú don Fhéile a dhéanann comóradh is ceiliúradh ar teanga agus ar chultúr na Gaeltachta, ní feidir gan súil siar a thabhairt ar an mbliain atá caite agus ar an saibhreas atá sciobtha uainn ag an mbás ón am seo anuraidh.

Ba buille mór do Ros Muc bás an tseanchaí áitiúil Jimín Tony Ó Nia. Agus ba buille tubaisteach do Ros Muc, do Chonamara, don sean-nós agus do cultúr na Gaeltachta bás Phatsy Uí Cheannabháin a fuair bás ag tús an tsamhraidh, mar a duirt an t-amhrán "le linn don chuach a bheith ag seinm ceoil is an duilliúr glas ag fás".

Ba fear uasal é Patsy a rinne chuile rud go ciúin agus nár tharraing aon aird air fhéin ná ar an obair mhór a bhí ar siúl aige, go mór mhór ag múineadh an tsean-nóis i measc an dream óg.

Ní aon ionadh mar sin gur le gean agus le omós a labhraíonn an dream óg air a bhíodh ag freastal ar an gceardlann sean-nóis san Ionad Fiontair i Ros Muc, le cupla bliain anuas. Ní amháin gur mhúin Patsy an sean-nós ach thugadh sé míniú freisin ar na leaganacha cainte agus ar fhocla sna hamhráin atá imithe as an gcaint ar fad anois.

Go dtuga Dia solás na bhFlaitheas dá anam uasal.

Taibhdhearc na Gaillimhe

An tSráid Láir, Gaillimh

22-26 Meán Fómhair 1998

UAISLE

le BRIAN FRIEL

26-31 Deireadh Fómhair 1998

Macbeth

— AN CEOLDRÁMA —


9-12 Nollaig 1998 & 3-9 Fanáir 1999

Cochaillín Dearg

— AN GHEÁMAIREACHT —

Fáilte roimh cách

Tuilleadh eolais agus áirithintí:
091-562024/563600



An Príomhshráid,
Seantreabh,
Baile Átha Cliath 9

Scéimeanna árachais do

- Chláracha Fostaíochta Pobail
- Ionaid Pobail, Spórt, Ealaíona & Caithimh Aimsire
- Léiriúcháin amharclainne agus dramaíochta
- Ealaíontóirí, stiúideonna agus dánlanna
- Uirlisí Ceoil
- Siopaí, Óstáin agus Bialanna

Chun tuilleadh eolais a fháil,
glaoigh ar
Peter Thomas agus Claire Dumbrell
am ar bith ag:

Fón (01 8425813) nó (862 3316)
Facs (01 8423830)